Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**9466/23**

**UK 95**
**RC 15**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i ndáil le comhaontú maidir le comhar agus malartú faisnéise in ábhair iomaíochta |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i ndáil le comhaontú maidir le comhar agus malartú faisnéise in ábhair iomaíochta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 103 agus 352, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2021.

(2) Tar éis do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') tarraingt siar as an Aontas, ní hann a thuilleadh do na féidearthachtaí comhair agus malartaithe faisnéise le húdarás iomaíochta na Ríochta Aontaithe i gcomhthéacs an Ghréasáin Eorpaigh Iomaíochta, trína gcomhoibríonn an Coimisiún agus údaráis náisiúnta iomaíochta na mBallstát go dlúth le chéile.

---

1 IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

2 Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.04.2021, lch. 2).

(3) Ní dhéantar foráil sa Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le dlúthchomhar den sórt sin agus ní cheadaítear leis ach comhar i réimse na hiomaíochta a cheadaítear faoi rialacha intíre. De bhun Airteagal 361(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, áfach, féadfaidh na Páirtithe comhaontú a dhéanamh maidir le comhar agus comhordú idir an Coimisiún, údaráis iomaíochta na mBallstát agus údarás iomaíochta nó údaráis iomaíochta na Ríochta Aontaithe, a bhféadfadh coinníollacha maidir le faisnéis rúnda a mhalartú agus a úsáid a bheith ar áireamh iontu.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú forlíontach a thabhairt i gcrích de réir bhrí Airteagal 2 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, leis an Ríocht Aontaithe maidir le comhar agus malartú faisnéise in ábhair iomaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú forlíontach, de réir bhrí Airteagal 2 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhar agus malartú faisnéise in ábhair iomaíochta.

*Airteagal 2*

Déantar an Coimisiún a ainmniú leis seo mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um an Ríocht Aontaithe agus i gcomhréir leis na treoracha atá san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo, faoi réir aon treoracha a fhéadfaidh an Chomhairle a eisiúint don Choimisiún ina dhiaidh sin.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*